2026/1547

3.7.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1547 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/2454 lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle ([1]), socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leo, a leasú chun foilsiú na comhairle eolaíche, torthaí na gcomhairliúchán le tríú tíortha, torthaí chruinnithe na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) agus forbairtí eile a chur san áireamh.

(2) Ghlac an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) moladh le haghaidh 2026 ('moladh NEAFC 2026') lena mbunaítear cúlchiste cosanta stoic 1 495 thona le haghaidh ronnach (*Scomber scombrus*) is féidir le Cónaidhm na Rúise a iascach in uiscí idirnáisiúnta de Limistéar Choinbhinsiún NEAFC. Ionas nach sárófar an cúlchiste sin, áirítear i moladh NEAFC 2026 bearta rialúcháin gaolmhara is infheidhme i Limistéar Rialála NEAFC, agus sna huiscí atá faoi dhlínse Pháirtithe Conarthacha NEAFC sin a thacaigh le moladh NEAFC 2026, araon. Is iomchuí, dá bhrí sin, na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(3) In 2025, reáchtáil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le líon mór gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú le haghaidh 2026, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna sin, le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dtaifead i scríbhinn a shínigh Cinn na dToscaireachtaí an 10 Nollaig 2025. Mar a taifeadadh sa taifead i scríbhinn, chomhaontaigh na Cinn Toscaireachta a mholadh dá n-údaráis féin gur cheart feidhm a bheith ag na bearta feabhais le haghaidh trosc (*Gadus Morhua*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*) agus faoitíní (*Merlangius merlangus*) sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann agus le haghaidh sól (*Solea solea*) agus leathóg *Pleuronectes platessa*) i Muir nIocht, i bprionsabal, tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2026, san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon chun cothrom iomaíochta a áirithiú toisc go mbainistítear na stoic atá i gceist go comhpháirteach. Thángthas ar chomhaontú i ndáil leis an méid sin, atá faoi réir fógra a bheith tugtha ag na Páirtithe faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin, ar nósanna imeachta iad a bhfuil gá leo chun na bearta feabhais sin a ghlacadh. Le Rialachán (AE) 2026/786 ón gComhairle ([3]), cuireadh siar go dtí an 1 Meán Fómhair 2026 cur i bhfeidhm na mbeart maidir le trosc agus faoitíní i Muir Éireann agus maidir le sól agus leathóg i Muir nIocht toisc go raibh moill ar nósanna imeachta inmheánacha na Ríochta Aontaithe. Ós rud é go bhfuil an Ríocht Aontaithe den tuairim go mbeidh tuilleadh moille ar chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha, agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí na Ríochta Aontaithe, ba cheart cur i bhfeidhm na mbeart sin a chur siar go dtí an 1 Samhain 2026, go dtí go mbeidh na nósanna imeachta inmheánacha ábhartha curtha i gcrích ag an Ríocht Aontaithe.

([1]) Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202, (IO L, 2026/249, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj).

([2]) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2026/786 ón gComhairle an 30 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 lena socraítear lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L, 2026/786, 31.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/786/oj).

(4) An 19 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle eolaíoch le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) sa chuid thiar de roinn 9a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027. I gcomhréir le cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus leis an bprionsabal maidir le bearta a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil a leagtar amach in Airteagal 3(c) den Rialachán sin, ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) le haghaidh ainseabhaithe sa chuid thiar d'fholimistéar 9 ICES agus i bhfolimistéar10 ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 a shocrú ar an leibhéal a mhol ICES.

(5) An 16 Meitheamh 2026 thug an tAontas agus an Iorua comhairliúcháin i gcrích maidir le leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i ranna 3a agus 4a thoir ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 agus maidir le leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe a síníodh an 16 Meitheamh 2026. Dá bhrí sin, ba cheart an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua, agus ba cheart na bearta teicniúla a comhaontaíodh leis an Iorua in 2025 a choinneáil ar bun.

(6) Ina theannta sin, bhreithnigh an tAontas agus an Iorua, le linn na gcomhairliúchán sin, aistriú séaclaí Artacha ón Iorua go dtí an tAontas in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laisteas de 62° T. Ós rud é nár thángthas ar chomhaontú idir an tAontas agus an Iorua maidir leis an aistriú sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta neamh-leithdháilte le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 2, 5, 12 agus 14 ICES a chionroinnt ar na Ballstáit feasta. Dá bhrí sin, ba cheart cuótaí na mBallstát lena mbaineann agus cuóta comhfhreagrach an Aontais le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 2, 5, 12 agus 14 ICES a leasú dá réir sin.

(7) Idir an 26 agus an 28 Bealtaine 2026, thionóil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin maidir le leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) i bhfolimistéar 4 ICES agus roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 agus maidir le leibhéil na TACanna le haghaidh salán in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 ICES agus roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse sin. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn an tseasaimh ón Aontas agus sonraíocht bhreise a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 7 Bealtaine 2026. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe a síníodh an 28 Bealtaine 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, na TACanna ábhartha a shocrú ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua.

(8) Idir an 11 agus an 22 Bealtaine 2026, rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le leibhéal an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn an tseasaimh ón Aontas agus sonraíocht bhreise a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 7 Bealtaine 2026. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dtaifead i scríbhinn a síníodh an 4 Meitheamh 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

(9) Maidir leis an trosc (*Gadus morhua*) in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 ICES agus roinn 2b ICES, cuireann Páirtithe eile i gConradh Pháras 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) solúbthacht suas le 10 % ó bhliain go bliain i bhfeidhm, lena ndeonaítear rochtain chomhionann ar úsáid acmhainní laistigh de na limistéir mhuirí mórthimpeall Svalbard, agus foráiltear le Rialachán (AE) 2026/249 nach bhfuil feidhm ag an tsolúbthacht ó bhliain go bliain le haghaidh chuótaí na mBallstát i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ([5]) maidir leis an stoc sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, cead a thabhairt do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais solúbthacht ó bhliain go bliain a úsáid le haghaidh an TAC sin.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj).

(10) Le Rialachán (AE) 2026/249 socraíodh cuótaí an Aontais agus na mBallstát le haghaidh caibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 2, 5, 12 agus 14 ICES le haghaidh na tréimhse ón 15 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 15 Aibreán 2026 ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an nGraonlainn, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile ([6]). Mar sin féin, tar éis do thionscal iascaireachta an Aontais easpa spéise a léiriú, thairg an tAontas an deis don Ghraonlainn na deiseanna iascaireachta sin a aisghabháil. Dá bhrí sin, ba cheart cuótaí an Aontais agus na mBallstát le haghaidh caibeallán in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 2, 5, 12 agus 14 ICES le haghaidh na tréimhse ón 15 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 15 Aibreán 2026 a laghdú go nialas.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 11 den Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile ([7]), agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 agus i gCaibidil VI den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ghraonlainn iascach taiscéalaíoch le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) a dhéanamh in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES, soir ó thuaidh ó 42°I le haghaidh na tréimhse ón 12 Feabhra 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Socraíodh deiseanna iascaireachta 3 000 tona le haghaidh an iascaigh thaiscéalaíoch sin, as ar cionroinneadh 900 tona ar an Aontas. Ba cheart an cuóta sin de chuid an Aontais a shocrú mar a comhaontaíodh leis an nGraonlainn é. Ba cheart cuóta sin an Aontais a chionroinnt go cothrom ar na sé Bhallstát lena mbaineann. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an leithdháileadh sin ach ón 12 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2026 agus ba cheart é a bheith gan dochar d'aon leithdháileadh cuótaí de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo le haghaidh trosc in Uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES, soir ó thuaidh ó 42°I.

(12) An 12 Meitheamh 2026, ghlac Ceanada teorainn ghabhála le haghaidh a shoithí a dhéanann iascaireacht ar throisc i ranna 2J, 3K agus 3L de Limistéar Choinbhinsiún Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027. An 15 Meitheamh 2026, ghlac NAFO TAC le haghaidh an stoic sin agus na tréimhse sin, inar rinneadh cionroinnt a chomhfhreagair do 5 % den TAC do Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO, lena n-áirítear cuóta de chuid an Aontais, atá le hiascach i Limistéar Rialála NAFO. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh an stoic sin don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 a shocrú dá réir sin. Ina theannta sin, is iomchuí síneadh a chur leis an tréimhse choiscthe reatha arna bunú ag NAFO le haghaidh na tréimhse sin.

(13) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige i mí na Samhna 2025, ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) Moladh 25-04 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/497 ón gCoimisiún ([8]), cuireadh an moladh sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Áirítear sa Mholadh sin, *inter alia*, athbhreithniú ar mhéid an chuóta tuinníní gorma nár úsáideadh is féidir a thabhairt anonn ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile. Tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/497 i bhfeidhm an 14 Bealtaine 2026. Mar thoradh air sin, is féidir leis na Ballstáit a iarraidh anois 20 % ar a mhéad dá gcuóta bliantúil um an tuinnín gorm i limistéar Choinbhinsiún ICCAT lastoir de 45°I a aistriú ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith. D'iarr an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta agus an Phortaingéil aistrithe den sórt sin ó 2025 le haghaidh 2026. Ar bhonn na n-iarrataí sin, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais faoi bhráid Rúnaíocht CICTA, de bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Dá bhrí sin, ba cheart cuótaí na mBallstát sin le haghaidh tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún CICTA lastoir de 45°I le haghaidh 2026 a leasú dá réir sin.

([6]) Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (2025–2030) (IO L, 2024/3203, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2024/3203/oj).

([7]) Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (IO L 175, 18.5.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/793/oj).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/497 ón gCoimisiún an 4 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2026/497, 13.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/497/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

(14) De bhun Airteagal 15(7) de Rialachán (AE) 2023/2053, chuir Ballstáit áirithe pleananna bainistíochta feirmeoireachta athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir. Ba cheart, dá bhrí sin, uasmhéid na mBallstát de thuinníní gorma fiáine a ghabhtar agus a chuirtear i bhfeirmeacha agus an acmhainneacht feirmeoireachta a leasú i gcomhréir leis na pleananna sin, mar a tharchuirtear chuig Rúnaíocht ICCAT iad.

(15) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2026, ghlac an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) teorainneacha gabhála athbhreithnithe le haghaidh tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) i Limistéar Inniúlachta IOTC le haghaidh 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí an Aontais agus na mBallstát le haghaidh an stoic sin i gcás 2026 a leasú dá réir.

(16) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige i mí Aibreáin 2026, bhunaigh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh sheapánacha (*Scomber japonicus*) agus ronnaigh ghorma (*Scomber australasicus*) a bheidh ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise de na stoic sin don Aontas le haghaidh na tréimhse céanna sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC ná níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh sheapánacha agus ronnaigh ghorma i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(17) Le Rialachán (AE) 2025/2454 ón gComhairle ([10]), socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt. Mar gheall ar éiginnteachtaí tromchúiseacha maidir le riocht agus forbairt an stoic amach anseo, socraítear leis an Rialachán sin TAC le haghaidh scadán (*Clupea harengus*) i ranna 30 agus 31 ICES (Murascaill na Boitnia) le haghaidh 2026 lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) agus Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), is iomchuí an TAC le haghaidh scadán na Boitnia a shocrú le haghaidh 2026 ar bhonn na comhairle ó ICES an 28 Bealtaine 2025 maidir leis an stoc sin le haghaidh 2026 agus i gcomhréir leis an luach is ísle laistigh de raon F_{MSY}, agus an fhaisnéis eolaíoch is déanaí atá i seirbhís theicniúil ICES an 10 Meitheamh 2026 a chur san áireamh.

(18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2026/249 agus (AE) 2025/2454 a leasú dá réir sin.

(19) Chun na tréimhsí tuairiscithe le haghaidh na TACanna arna leasú leis an Rialachán seo a choinneáil ar bun, agus toisc go bhfuil feidhm ag cuid de na TACanna sin ón 1 Eanáir 2026, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag na TACanna leasaithe ón dáta sin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla ná na n-ionchas dlisteanach toisc go gcoinnítear na TACanna lena mbaineann ar bun nó go dtagann méadú orthu.

(20) I bhfianaise na práinne a bhaineann le briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

([10]) Rialachán (AE) 2025/2454 ón gComhairle an 1 Nollaig 2025 lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L, 2025/2454, 2.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2454/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1139/oj).

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2026/249

Leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2), pointe (d):

'(d) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 i limistéar Choinbhinsiún Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).';

(2) in Airteagal 4, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(qa) ciallaíonn "limistéar Choinbhinsiún NEAFC (Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh)" na limistéir gheografacha a shainítear sa Coinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (*);

(qb) ciallaíonn "an Limistéar Rialála NEAFC" uiscí Limistéar an Choinbhinsiúin atá lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha in NEAFC;

(*) IO L 227, 12.8.1981, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1981/608/oj. Le Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1981 d'fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1981/608/oj).';

(3) i gCaibidil III, cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

'**Roinn 1a**

limistéar choinbhinsiún neafc

Airteagal 26a

Bearta bainistíochta maidir leis an ronnach

1. Ní thrasloingseoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ronnaigh a ghabh soithí iascaireachta a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain acu in iascaigh dhírithe i Limistéar Rialála NEAFC in 2026 tar éis do ghabhálacha na soithí sin 1 495 thona a shárú i dteannta a chéile.

2. Ní sholáthróidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais seirbhísí athbhreoslaithe ná seirbhísí tacaíochta eile do shoithí a bhfuil ronnaigh ar bord acu a ghabh soithí iascaireachta a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain acu i Limistéar Rialála NEAFC in 2026 in iascach spriocdhírithe tar éis do ghabhálacha na soithí sin dul thar 1 495 thona i dteannta a chéile.

3. In uiscí agus calafoirt an Aontais, beidh toirmeasc ar thabhairt i dtír, ar thrasloingsiú agus ar sholáthar seirbhísí calafoirt eile i gcás soithí a bhfuil ronnaigh ar bord acu a ghabh soithí iascaireachta, in iascaigh dhírithe, a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain acu i Limistéar Rialála NEAFC in 2026 tar éis do ghabhálacha na soithí sin dul thar 1 495 tHona i dteannta a chéile.';

(4) leasaítear Airteagal 62(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (da):

'(da) beidh feidhm ag Airteagal 19(3) ón 1 Samhain 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (db):

'(db) beidh feidhm ag Airteagal 20 ón 1 Samhain 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

'(l) beidh feidhm ag Teideal II, Caibidil III, Roinn 11, ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta a thiocfaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagfar síos bearta comhfhreagracha i bhfeidhm, cibé acu is túisce;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ma):

'(ma) beidh feidhm ag Tábla 1 in Iarscríbhinn IC ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027, agus beidh feidhm ag fonóta 2 sa Tábla sin ón 15 Aibreán 2027 go dtí an 30 Meitheamh 2027 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh de chuid an Aontais a bhaineann leis an tréimhse choiscthe le haghaidh trosc i ranna 2J3KL NAFO i bhfeidhm, cibé acu is túisce;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):

'(p) beidh feidhm ag Iarscríbhinní IM agus XI ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;';

(5) leasaítear Iarscríbhinn IA, Codanna A agus B, agus Iarscríbhinní IB, IC, ID, IJ, IM agus VI i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán (AE) 2025/2454

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/2454 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 1 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn IA mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2(1):

'**Tábla 2(1)**

Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*		Limistéar:	9W ([1]) agus 10 (ANE/9WX10)
an Spáinn	1 632	([2])	TAC Anailíseach	
an Phortaingéil	14 691	([2])		
An tAontas	16 323	([2])		
TAC	16 323	([2])		

([1]) Cuid d'fholimistéar 9 laistiar den líne a nascann na pointí a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	36°00'00"T	11°00'00"I
2	37°01'20"T	8°59'47"I

([2]) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.';

(b) i gCuid B, i dTábla 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs fhonóta 2:

'(2) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 10 % den chuóta seo a aistriú go ICES roinn 3a. Mar sin féin, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na haistrithe sin don Choimisiún roimh ré.';

(c) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 77:

'**Tábla 77**

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar:	3a (PRA/03A.)
an Danmhairg	1 121	([1])	TAC Anailíseach	
an tSualainn	603	([1])	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	1 724	([1])		
TAC	3 228	([1])	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

([1]) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.';

(d) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 113 agus 114:

'**Tábla 113**

Speiceas:	An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus*		Limistéar:	3a (SPR/03A.)
an Danmhairg	10 156	(1) (2) (3)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	21	(1) (2) (3)		
an tSualainn	3 842	(1) (2) (3)		
An tAontas	14 019	(1) (2) (3)		
TAC	pm	(2)		

(1) Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus cadóg (OTH/*03A.). Foghabhálacha faoitíní agus cadóg arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní sháróidh siad, i dteannta a chéile, 9 % den chuóta.
(2) Beidh feidhm ag an gcuóta seo ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.
(3) Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i limistéir 2a agus 4. Mar sin féin, tabharfar fógra don Choimisiún agus don Ríocht Aontaithe roimh ré faoi aistrithe den sórt sin.

Tábla 114

Speiceas:	An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus*		Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i limistéar 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe i limistéar 2a (SPR/2AC4-C)
an Bheilg	688	(1) (2)	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	54 491	(1) (2)		
an Ghearmáin	688	(1) (2)		
an Fhrainc	688	(1) (2)		
an Ísiltír	688	(1) (2)		
an tSualainn	1 330	(1) (2) (3)		
An tAontas	58 573	(1) (2)		
an Iorua	6 508	(1)		
Oileáin Fharó	0	(1) (4)		
an Ríocht Aontaithe	2 585	(1)		
TAC	67 666	(1)		

(1) Beidh feidhm ag an gcuóta ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.
(2) Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní (OTH/*2AC4C). Foghabhálacha -faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha- speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní sháróidh siad, i dteannta a chéile, 9 % den chuóta.
(3) Lena n-áirítear corra gainimh.
(4) Féadfaidh suas le 4 % de a bheith ina fhoghabháil scadán.';

(e) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 115:

'**Tábla 115**

Speiceas:	An salán *Sprattus sprattus*		Limistéar:	7d agus 7e (SPR/7DE.)
an Bheilg	13	(1)	TAC Anailíseach	
an Danmhairg	860	(1)		
an Ghearmáin	13	(1)		
an Fhrainc	185	(1)		
an Ísiltír	185	(1)		
An tAontas	1 256	(1)		
an Ríocht Aontaithe	6 592	(1)		
TAC	7 848	(1)		

(1) Beidh feidhm ag an gcuóta ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn IB mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3:

'**Tábla 3**

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	Uiscí na Graonlainne i limistéir 2 agus 12; Uiscí na Graonlainne i limistéir 5 agus 14, siar ó dheas ó 42°I (COD/GL251214)
an Ghearmáin	2 050	(1)	TAC Anailíseach	
An tAontas	2 050	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní fhéadfar é a iascach ón 1 Márta go dtí an 31 Bealtaine laistigh de "limistéar bainistíochta Kleine Bank", limistéar a theorannaítear leis na línte a cheanglaíonn na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	65°00'T	38°00'I
2	65°00'T	35°15'I
3	64°00'T	35°15'I
4	64°00'T	38°00'I';

(b) cuirtear isteach an tábla seo a leanas:

'**Tábla 3(1)**

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	Uiscí na Graonlainne i limistéir 5 agus 14, thoir thuaidh ó 42°I (COD/GL51442)
An tAontas	900	(1)	TAC Anailíseach	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Is iad na soithí atá faoi chuimsiú an iascaigh thaiscéalaíoch agus a dhéanann sampláil eolaíoch, agus na soithí sin amháin, a fhéadfaidh é a iascach ón 12 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2026. Déanfar an tsampláil eolaíoch sin faoi choinníollacha atá le cinneadh ag Institiúid Acmhainní Nádúrtha na Graonlainne. Leithdháilfear an cuóta sin go cothrom ar an nGearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin agus an Phortaingéil; leithdháilfear 150 tona in aghaidh an Bhallstáit. Níl feidhm ag an leithdháileadh sin ach amháin maidir leis an tréimhse sin agus tá sé gan dochar d'aon leithdháileadh cuótaí de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo le haghaidh trosc in Uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES, soir ó thuaidh ó 42°I.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

'**Tábla 4**

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1 agus 2b (COD/1/2B.)
an Ghearmáin	1 507	(1) (2)	TAC Anailíseach	
an Spáinn	3 897	(1) (2)		
an Fhrainc	643	(1) (2)		
an Pholainn	709	(1) (2)		
an Phortaingéil	822	(1) (2)		
Eile	84	(1) (2) (3)		
An tAontas	7 662	(1) (2)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Tá cionroinnt sciar an stoic troisc atá ar fáil don Aontas sna limistéir Spitzbergen agus Oileán na mBéar agus na foghabhálacha gaolmhara cadóg gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.

(2) Féadfaidh suas le 14 % de gach dol i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar a bheith ina fhoghabhálacha cadóg. Tá cainníochtaí na bhfoghabhálacha cadóg sa bhreis ar an gcuóta le haghaidh trosc.

(3) Seachas an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (COD/1/2B_AMS).';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 9:

‘Tábla 9

Speiceas:	An caibeallán *Mallotus villosus*		Limistéar:	Uiscí na Graonlainne i limistéir 2, 5, 12 agus 14 (CBT/GL251214)
Bliain	**2026**	**2027**		
an Danmhairg	0 (2)	0 (3)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	0 (2)	0 (3)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tSualainn	0 (2)	0 (3)		
Na Ballstáit uile	0 (1) (2)	0 (1) (3)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	0 (2)	0 (3)		
an Iorua	0 (2)	0 (3)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar (2)	Ní bhaineann le hábhar (3)		

(1) Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, ag an nGearmáin ná ag an tSualainn ar chuóta “na mBallstát uile” go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Mar sin féin, ní bheidh rochtain ar bith ar chuóta “na mBallstát uile” ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (CAP/GL251214_AMS).
(2) Beidh feidhm ag an gcuóta seo ón 15 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 15 Aibreán 2026.
(3) Beidh feidhm ag an gcuóta seo ón 15 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 15 Aibreán 2027.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 13:

‘Tábla 13

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*	Limistéar:	Uiscí na Graonlainne i limistéir 2, 5, 12 agus 14 (PRA/GL251214)
an Danmhairg	8 500	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	8 500	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	1 700		
an Iorua	1 500	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96’;	
Oileáin Fharó	0		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(3) in Iarscríbhinn IC, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

‘Tábla 1

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	NAFO 2J3KL (COD/N2J3KL)
an Bhulgáir	0,004	(1) (2)	TAC Anailíseach	
an Ghearmáin	533,170	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Eastóin	95,036	(1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Spáinn	492,963	(1) (2)		
an Fhrainc	76,732	(1) (2)		
an Laitvia	95,036	(1) (2)		
an Liotuáin	95,036	(1) (2)		
an Pholainn	249,112	(1) (2)		
an Phortaingéil	769,752	(1) (2)		
an Rómáin	7,109	(1) (2)		
An tAontas	2 413,95	(1) (2)		
TAC	62 105,19	(1) (2)		

(1) Beidh feidhm ag an gcuóta seo ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.
(2) Ní cheadaítear aon iascach spriocdhírithe faoin gcuóta seo idir 00:00 AUL an 15 Aibreán 2027 agus 23:59 AUL an 30 Meitheamh 2027. Le linn na tréimhse sin, is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.’;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn ID mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 7:

'Tábla 7

Speiceas:	Tuinnín colgach an tuaiscirt *Thunnus alalunga*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5ºT, cé is moite den Mheánmhuir (ALB/ICAN05NXM)
Éire	4 959,40		TAC Anailíseach	
an Spáinn	27 953,00		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Fhrainc	8 791,67			
an Phortaingéil	3 065,81		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	44 769,88	(1) (2)		
an Ríocht Aontaithe	741	(3)		
TAC	47 251,00			

(1) Is é seo a leanas an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt mar spriocspeiceas: 1 241.

(2) Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas a ghabháil in uiscí na Ríochta Aontaithe (ALB/*ICAN05NXM-UK):

Éire	62,03
an Spáinn	349,65
an Fhrainc	109,97
an Phortaingéil	38,35
An tAontas	560,00

(3) Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais (ALB/*ICAN05NXM-EU): 560,00';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 12(1):

'Tábla 12(1)

Speiceas:	An Tuinnín gorm *Thunnus thynnus*		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45ºI (BFT/ICAE45W)
an Chipir	240,16	(4)	TAC Anailíseach	
an Ghréig	480,79		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Spáinn	8 352,55	(2) (4)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Fhrainc	8 067,21	(2) (3) (4)		
an Chróit	1 353,64	(6)		
an Iodáil	6 534,98	(4) (5)		
Málta	517,31	(4)		
an Phortaingéil	858,28			
Eile	104,03	(1)		
An tAontas	26 508,95	(2) (3) (4) (5) (6)		
TAC	48 403,00	(1)		

(1) Cé is moite den Chipir, den Ghréig, den Spáinn, den Fhrainc, den Chróit, den Iodáil, de Mhálta agus den Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BFT/ICAE45W_AMS).

(2) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W8301):

an Spáinn	1 267,03
an Fhrainc	588,60
An tAontas	1 855,63

(3) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma nach lú ná 6,4 kg a meáchan nó nach lú ná 70 cm a bhfad ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W641):

an Fhrainc	100,00
An tAontas	100,00

(4) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W643):

an Spáinn	167,05
an Fhrainc	322,69 (*)
an Iodáil	130,70
an Chipir	4,80
Málta	10,35
An tAontas	635,59

(*) A bhféadfar 50 % de a iascach i Murascaill an Leoin amháin.

(5) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*E45W643):

an Iodáil	130,70
An tAontas	130,70

(6) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI chun críoch feirmeoireachta (BFT/*E45W8303F):

an Chróit	1 218,28
An tAontas	1 218,28';

(5) in Iarscríbhinn IJ, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

'**Tábla 1**

Speiceas:	An tuinnín aigéanach *Katsuwonus pelamis*	Limistéar:	Limistéir Inniúlachta IOTC (SKJ/IOTC)
an Spáinn	87 407	TAC Anailíseach	
an Fhrainc	38 061	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an Iodáil	3 656		
An tAontas	129 124	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96';	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IM:

'IARSCRÍBHINN IM

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

Tábla 1

Speiceas:	An ronnach Seapánach agus an ronnach gorm *Scomber japonicus* agus *Scomber australasicus*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún NPFC
An tAontas	5 560 (1) (3) (4) (5)	TAC réamhchúraim	
Páirtithe Conarthacha NPFC, lena n-áirítear an tAontas	47 940 (1) (2) (3) (4)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(1) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(2) Coinníoll speisialta: faoin teorainn ghabhála seo, ní fhéadfaidh na soithí seo a leanas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil:

Trálaeir (*) (M/M/NPFC-TR)	Soithí peas-saighne (*) (M/M/NPFC-PS)
5 703	42 237

(*) Dúnfaidh Páirtithe Conarthacha NPFC an t-iascach faoi na teorainneacha gabhála sin, agus déanfaidh an Coimisiún amhlaidh i gcás an Aontais, laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna an fhógra ó Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach.

(3) Ní údarófar ach trálaer amháin atá faoi bhratach Bhallstáit le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha agus ronnaigh ghorma tráth ar bith. Tá feidhm aige sin gan dochar d'aon chionroinnt deiseanna iascaireachta a dhéanfaidh an tAontas amach anseo i limistéar Choinbhinsiún NPFC, go háirithe ar an mBallstát atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sa tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(4) Ní údarófar soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar mó a n-olltonnáiste ná 10 000 le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha.

(5) Déanfar gabhálacha faoin gcuóta seo a thuairisciú ar leithligh (M/M/NPFC-EU).';

(7) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘6. An líon uasta feirmeacha údaraithe agus uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhfar go fiáin a fhéadfaidh gach Ballstát a chionroinnt ar a fheirmeacha san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

An líon uasta feirmeacha údaraithe agus ionchur tuinníní gorma fiáine a ghabhtar		
	An líon feirmeacha	Ionchur (ina thonaí)
an Ghréig	0	0
an Spáinn	8	10 550
an Chróit	4	2 947
an Iodáil	0	0
an Chipir	0	0
Málta	5	12 300
an Phortaingéil	2	626’.

IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/2454, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

‘Tábla 1

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*		Limistéar:	Foranna 30-31 (HER/30/31.)
An Fhionlainn		45 805	TAC Anailíseach’.	
an tSualainn		10 064		
An tAontas		55 869		
TAC		55 869		